Poncaíocht

Cuidíonn comharthaí poncaíochta le scríbhneoireacht a shoiléiriú.

Léiríonn siad:

- cá háit a stopann píosa eolais agus cá háit a dtosaíonn ceann eile;
- cá háit ar chóir moilliú nó do ghlór a athrú agus tú ag léamh os ard.

Is rud í abairt…

- a thosaíonn ar cheannlitir;
- a chríochnaíonn le lánstad;
- a dhéanann ciall iomlán.

Comhartha uaillbhreasa

a léiríonn:

- guth os ard;
- mothúcháin láidre;
- uaillbhreas.

Lánstad

a léiríonn go bhfuil deireadh le **ráiteas**.

Tá trí comhartha poncaíochta ann a léiríonn **deireadh abairte**.

Comhartha ceiste

a léiríonn go bhfuil deireadh le **ceist**.

An Chamóg ,

rudaí ar liosta a scaradh óna chéile.

Cheannaigh mé bainne, arán, brioscaí agus úlla sa siopa inné.

caint dhíreach a scaradh ó chlásal tuairiscithe.
(Féach lch 10)

"Tá sé ag éirí mall," arsa Áine.

Léiríonn cá háit ta d'abairt c píosa amh agus cá háit píosa eile dhéanann

'clibcheisteanna' agus ainmneacha a scaradh ón chuid eile den abairt.

Tá seo ar fheabhas, nach bhfuil?
Cad é mar atá tú, a Sheáin?

frása / clásal tosaigh a scaradh ón phríomhchlásal.

Cibé ar bith, bhí muid in am don chluiche.

Trí lá ina dhiaidh sin, tháinig Aoife abhaile ón Spáinn.

Cé go raibh an scannán suimiúil, thit mé i mo chodladh.

n camóg
obh istigh
a stopann
náin eolais
a dtosaíonn
e. Is é a
camógaí...

eolas breise a scaradh ón bhunabairt.

Fuair mo chara, Máire, post nua.

Téann na páistí, Liam agus Úna, chuig rang ceoil gach Aoine.

An Fleasc

Cuireann **fleasc** sos
in iúl atá leath bealaigh
idir , agus . Úsáidtear an fleasc...

le **briseadh tobann**
idir dhá phríomhchlásal
in abairt a léiriú.

m.sh. Bhí am ar dóigh againn ar laethanta saoire — beidh orainn dul ansin arís.

m.sh. Dé Luain — an chéad lá dár laethanta saoire — bhí turas thart ar an oileán againn.

Is gné scríbhneoireachta neamhfhoirmiúil é an fleasc a leanann patrúin labhartha.

le **heolas br**
istigh d'aba

Lúibíní

( )

Léiríonn **lúibíní** eolas breise sa phríomhthéacs … Deirtear go bhfuil an t-eolas 'idir lúibíní'. Úsáidtear luibíní…

le **sonraí breise** ar nós dátaí nó toisí a léiriú.

m.sh.
Pádraig Mac Piarais (1879 — 1916)
Sliabh Everest (8848m)

m.sh. Dé Luain (an chéad lá dár laethanta saoire) bhí turas thart ar an oileán againn.

reise taobh
irt a léiriú.

Ar an ábhar go bhfuil lúibíní feiceálach go leor, baintear úsáid astu le haird a dhíriú ar an eolas breise.

An Leathstad ;

Cuireann **leathstad** sos
in iúl atá leath bealaigh
idir , agus . Úsáidtear an leathstad...

le **dhá phríomhchlásal**
a scaradh óna chéile.

m.sh. Ba mhór an pléisiúr
bualadh leat inné; tá súil
agam go mbuailfimid le
chéile arís gan mhoill.

le **sraith míreanna** atá scartha
óna chéile ag camóga cheana féin
a roinnt agus **a shoiléiriú.**

m.sh. Tá mé i mo chónaí ar Bhótha
teach pobail mór; neart siopa

An tIdirstad :

Léiríonn idirstad sos san abairt nuair atá cothromaíocht le sonrú idir an dá thaobh. Úsáidtear an t-idirstad...

le dhá phríomhchlásal a scaradh óna chéile, nuair atá an dara clásal ag forbairt nó ag cur síos ar an chéad cheann.

m.sh. Maidin ghalánta a bhí ann: bhí an ghrian ag soilsiú agus bhí na héin ag ceol.

le liosta rudaí, sampla nó athfhriotal a thabhairt isteach san abairt.

ar an Ghleanna: tithe arda galánta;
í beaga, agus teach ósta nua.

Caint Dhíreach

- Líne nua do gach cainteoir nua.
- Caint dhíreach idir comharthaí athfhriotail (“ ”).
- Camóg idir caint dhíreach agus clásal tuairiscithe…
- … mura bhfuil ? nó ! ann.
- Tosaíonn caint dhíreach ar cheannlitir…
- … mura bhfuil an abairt briste ag clásal tuairiscithe.

"Tá sé mall," arsa Luaithríona.

Sheas an prionsa agus ar sé, "Tá, ach níl deifir ar bith orainn."

"Cad é an t-am é?" arsa Luaithríona."Beidh orm imeacht roimh a dó dhéag."

"Má chaithfidh tú imeacht," arsa an prionsa, "beidh ort deifir a dhéanamh. Tá sé cúig go dtí a dó dhéag."

"Ó mo léan!" a scread Luaithríona.

Comharthaí athfhriotail

le caint dhíreach a léiriú.
(Féach lgh 10/11)

lena léiriú go bhfuil focal á úsáid go híorónta nó 'go haisteach'.

Úsáid comhc athfh ' '

Bhí cuid mhór 'saineolaithe' sa lucht éisteachta.

le teidil leabhair, scannáin, srl. a léiriú.

le hathfhriotal a thaispeáint.

Ba é Pádraig Mac Piarais a chum an ráiteas 'Tír gan teanga, tír gan anam'.

dtear
arthaí
riotail
...

lena léiriú go bhfuil tú ag caint faoi fhocal nó faoi fhrása.

'Exit' an Laidin ar 'téann sé amach'.

Bíonn comharthaí dúbailte athfhriotail " " i dtéacsanna lámhscríofa de ghnáth.

Bíonn comharthaí singile athfhriotail ' ' i dtéacsanna clóscríofa go minic.

An Fleiscín –

Déanann fleiscín nasc idir dhá fhocal nó idir dhá chuid d'fhocail. Úsáidtear an fleiscín…

- Roimh ainmfhocal firinscneach a thosaíonn ar ghuta, m.sh. an t-airgead, an t-arán (ach — an tAthair, an tAifreann);
- I ndiaidh na n-aidiachtaí sealbhacha iolra 'ár', 'bhur' agus 'a' roimh ainmfhocail a thosaíonn ar ghuta, m.sh. ár n-ainmneacha, bhur n-athair, a n-uncail (ach - ár nAthair);
- I dteidil dhílse, m.sh. Príomh-Aire;
- I ndiaidh an- (réimír bhreise), dea- m.sh. an-mhaith, dea-ghuí;
- I ndiaidh ró- le débhrí a sheachaint, m.sh. ró-óg (ach — rómhall);

- Idir na réimíreanna do-, fo-,so- agus focail áirithe, m.sh. do-bhainte, fo-éadaí (ach — dodhéanta, sofheicthe);
- Má tá dhá réimír le chéile cuirtear - eatarthu, m.sh. iar-bhunscoil, oll-dífhostú;
- I lár comhfhocal le dhá ghuta nó chomhchonsan a scaradh óna chéile, m.sh. so-ite, droch-chaint;
- Nuair a thagann guta i ndiaidh nach a. ceist (dhiúltach), m.sh. Nach n-ólann tú tae?
  b. coibhneasta, m.sh. Sin fear nach n-aithním;
- Sa tuiseal ginideach iolra roimh ainmfhocal dar tús guta, m.sh. ceol na n-ean, i measc na n-og.

Ní hionann an fleiscín agus an fleasc mar
- ní bhíonn spás idir na focail agus an fleiscín;
- tá an fleasc dhá oiread níos faide.

Mí-úsáid na Camóige

Slat tomhais: Má thig leat lánstad a úsáid, tá an chamóg mícheart.

Thiocfadh le[a]t poncaíochta [a]

Chuaigh mé chun na Gaeltachta anuraidh. Bhí am ar dóigh agam.

(Féach lgh 2—3)

Chuaigh mé chun na Gaeltachta anuraidh — bhí am ar dóigh agam.

(Féach lch 6)

nó thiocfadh leat cá

Chuaigh mé chun na
agus bhí am a

Chuaigh mé chun na Gaeltachta anuraidh, bhí am ar dóigh agam.

mí-úsáid na camóige

Riail:

Níor chóir camóg a úsáid le dhá phríomhchlásal a scaradh óna chéile.

at comhartha eile a úsáid:

Chuaigh mé chun na Gaeltachta anuraidh; bhí am ar dóigh agam.

(Féach lch 8)

Chuaigh mé chun na Gaeltachta anuraidh: bhí am ar dóigh agam.

(Féach lch 9)

ónasc a úsáid, m.sh.

Gaeltachta anuraidh
ar dóigh agam.

An Uaschamóg

briathra a thosaíonn ar ghuta nó f sa mhodh choinníollach

D'amharcfainn ar an teilifís dá mbeinn sa bhaile.

D'fhágfá an teach ar a seacht le bheith in am.

Úsáid an uaschamóg le

ba agus guta nó f

B'fhearr liom tae ná caife.

B'fhéidir é!

B'aoibhinn leo an teach nua.

briathra a thosaíonn ar ghuta nó f san aimsir chaite

D'ith siad, D'fhan mé

aidiachtaí sealbhacha mo, do agus guta nó f

M'aintín, d'ordóg, m'fhoireann

dtear

namóg

...

réamhfhocail de, do agus guta nó f

Thit sé d'asal.
Thug mé peann d'Áine agus d'Fhionnuala.

Comhartha Focalbhá

Is ionann **focalbhá** agus trí phonc … Úsáidtear focalbhá …

lena léiriú nach bhfuil an abairt **críochnaithe**

m.sh. lena léiriú nach bhfuil abairt …

lena léiriú go bhfuil **focail ar iarraidh in athfhriotal**

Ní hionann an fleiscín agus an fleasc mar … tá an fleasc dhá oiread níos faide.
(Féach lch 15)

Straitéisí eile le go mbeidh do chuid scríbhneoireachta sothuigthe agus soléite:

- **spásáil a úsáid**
  m.sh. paragraif

- **straitéisí eagrúcháin**
  m.sh. pointí le hurchair

- straitéisí cur i láthair

  m.sh. *cló iodálach,*

  cló trom,

  <u>cuir líne faoi,</u>

  cló méadaithe

  CEANN LITREACHA

Is mian le CCEA buíochas a ghabháil le Gráinne Uí Dhuifinn agus le hEmer Mhic an Fhailí ó Choláiste Feirste, Béal Feirste, as ábhar an leabhair seo a scríobh, a ullmhú agus a chur ar fáil.

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning